RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2025/293 ÓN gCOIMISIÚN

an 30 Meán Fómhair 2024

lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na ceanglais, na teimpléid agus na nósanna imeachta chun gearáin a bhaineann le comharthaí sócmhainn-tagartha a láimhseáil

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí i gcripteashócmhainní, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937 ([1]), agus go háirithe Airteagal 31(5), an tríú fomhír, de,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Ar mhaithe le cosaint tomhaltóirí, agus i gcomhréir le hAirteagal 31 de Rialachán (AE) 2023/1114, ba cheart d'eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha, agus, i gcás inarb infheidhme, na heintitis tríú páirtí dá dtagraítear in Airteagal 34(5), an chéad fhomhír, pointe (h), den Rialachán sin, faisnéis a sholáthar do shealbhóirí comharthaí sócmhainn-tagartha agus do pháirtithe leasmhara eile maidir leis na nósanna imeachta láimhseála gearán. Thairis sin, ba cheart do na heisitheoirí agus na heintitis tríú páirtí sin teimpléad comhchuibhithe a chur ar fáil dóibh sna teangacha a úsáideann na heisitheoirí agus na heintitis tríú páirtí sin chun a gcuid seirbhísí a mhargú nó sna teangacha a úsáideann siad chun cumarsáid a dhéanamh le sealbhóir na gcomharthaí sócmhainn-tagartha.

(2) Chun trédhearcacht a áirithiú do ghearánaigh agus chun a chur ar a gcumas rochtain éifeachtach a bheith acu ar nósanna imeachta gearáin agus iad a úsáid, ba cheart a áireamh san fhaisnéis sin go ndéantar a ngearáin a chomhdú agus a láimhseáil saor in aisce, sna teangacha a úsáideann eisitheoirí na gcomharthaí sócmhainn-tagartha agus, i gcás inarb infheidhme, na heintitis tríú páirtí, chun a seirbhísí a mhargú, nó sna teangacha a úsáideann siad chun cumarsáid a dhéanamh le sealbhóir na gcomharthaí sócmhainn-tagartha, agus i dteangacha oifigiúla an Bhallstáit baile agus na mBallstát óstach, ar teangacha oifigiúla de chuid an Aontais iad freisin.

(3) Chun nósanna imeachta éagsúla láimhseála gearán a sheachaint i measc eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha agus eintitis tríú páirtí, ba cheart do ghearánaigh a bheith in ann a gcuid gearán a dhéanamh trí úsáid a bhaint as teimpléad comhchuibhithe sna nósanna imeachta láimhseála gearán leis na heisitheoirí sin, agus, i gcás inarb infheidhme, leis na heintitis tríú páirtí, gan beann ar an áit a bhfuil na heisitheoirí nó na heintitis tríú páirtí sin bunaithe nó ar an áit ar dáileadh an comhartha laistigh den Aontas. Mar sin féin, fiú má dhéanann an gearánach an gearán i bhformáid seachas an teimpléad, ba cheart don eisitheoir, agus don eintiteas tríú páirtí, an gearán a láimhseáil fós agus gan diúltú dó ar an gcúis sin.

(4) Chun nósanna imeachta éifeachtacha agus trédhearcacha a áirithiú chun gearáin ó shealbhóirí comharthaí sócmhainn-tagartha agus ó pháirtithe leasmhara eile a láimhseáil go pras, go cothrom agus go comhsheasmhach, ba cheart don eisitheoir comharthaí sócmhainn-tagartha, agus i gcás inarb infheidhme, d'eintitis tríú páirtí, a admháil go bhfuarthas gearán ina luaitear go soiléir an dáta a fuarthas é agus, i gcás ina gcomhdaítear foirm leictreonach ghearáin, cóip den ghearán a chur ar fáil don ghearánach. Thairis sin, ba cheart d'eisitheoir comharthaí sócmhainn-tagartha measúnú a dhéanamh an bhfuil an gearán inghlactha agus an bhfuil an fhaisnéis ábhartha uile is gá ann don imscrúdú gearán agus ba cheart dó aon fhaisnéis bhreise is gá chun imscrúdú agus láimhseáil phras agus éifeachtach a dhéanamh ar an ngearán a iarraidh go pras ar shealbhóirí comharthaí sócmhainn-tagartha agus ar pháirtithe leasmhara eile.

([1]) IO L 150, 9.6.2023, lch. 40, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1114/oj.

(5) D'fhonn cóir chomhionann a áirithiú san Aontas, ba cheart a shonrú cad a bheadh i gceist le 'tréimhse réasúnta' d'eisitheoir comharthaí sócmhainn-tagartha toradh a chuid imscrúduithe a chur in iúl. Ba cheart don eisitheoir an gearánach a choinneáil ar an eolas faoi dhul chun cinn an nós imeachta láimhseála gearán agus freagra a thabhairt gan moill mhíchuí agus in aon chás laistigh de na teorainneacha ama a shocraítear ar an leibhéal náisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar ghearáin arna ndéanamh ag gearánaigh, i gcás inarb infheidhme. Ba cheart don eisitheoir gach gearán a mheasúnú, agus easnaimh a d'fhéadfadh a bheith athfhillteach a shainaithint.

(6) I gcomhréir le prionsabal an íoslaghdaithe sonraí, níor cheart ach sonraí pearsanta atá riachtanach chun an gearán a láimhseáil a iarraidh.

(7) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chuir an tÚdarás Baincéireachta Eorpach faoi bhráid an Choimisiúin, agus a forbraíodh i ndlúthchomhar leis an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí.

(8) Rinne an tÚdarás Baincéireachta Eorpach comhairliúcháin phoiblí oscailte a reáchtáil maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán sin bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Eorpach Geallsealbhóirí Baincéireachta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]).

(9) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) agus thug sé tuairim an 21 Meitheamh 2024,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Gearáin a láimhseáil agus an beartas bainistíochta gearán agus a fheidhm

1. Déanfaidh eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha agus, i gcás inarb infheidhme, eintitis tríú páirtí nósanna imeachta a bhunú agus a choimeád ar bun chun gearáin a láimhseáil, i gcás inar fíor an méid seo a leanas maidir le gearán:

(a) is ráiteas míshástachta é a dhíríonn duine nádúrtha nó dlítheanach nó aon pháirtí leasmhar eile orthu, lena n-áirítear comhlachais tomhaltóirí a dhéanann ionadaíocht ar shealbhóirí comharthaí sócmhainn-tagartha, a bhaineann le comharthaí sócmhainn-tagartha a eisiúint, a thairiscint nó a iarraidh go ligfí isteach iad chun a dtrádála faoi Rialachán (AE) 2023/1114;

(b) Is gearán é arna chur isteach ag 'gearánach', ar duine nádúrtha nó dlítheanach nó aon pháirtí leasmhar eile é, lena n-áirítear comhlachais tomhaltóirí a dhéanann ionadaíocht ar shealbhóirí comharthaí sócmhainn-tagartha agus i gcás ina n-airbheartaíonn an duine sin, nó aon pháirtí leasmhar eile, a bheith incháilithe chun gearán a chur faoi bhráid eisitheoir comharthaí sócmhainn-tagartha nó eintiteas tríú páirtí a bhí ag dáileadh comharthaí sócmhainn-tagartha, go hiomlán nó i bpáirt.

2. Déanfaidh eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha nósanna imeachta láimhseála gearán a bhunú agus a choimeád ar bun lena n-áirítear gach ceann díobh seo a leanas:

(a) 'beartas bainistíochta gearán':

(i) arna shainiú agus arna fhormhuiniú ag ardbhainistíocht an eisitheora comharthaí sócmhainn-tagartha, a bheidh freagrach freisin as cur chun feidhme an bheartais sin agus as faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an bheartais sin;

(ii) a bheidh leagtha amach i ndoiciméad scríofa atá ar fáil i bhformáid leictreonach nó pháipéir;

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1093/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

(iii) a chuirfear ar fáil d'fhoireann ábhartha uile an eisitheora comharthaí sócmhainn-tagartha trí chainéal inmheánach cuí.

(b) 'feidhm bainistíochta gearán', lena ndéanfar an méid seo a leanas:

(i) a fhágáil gur féidir gearáin a imscrúdú go cothrom;

(ii) coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint agus a mhaolú.

Airteagal 2

Faisnéis a sholáthar do shealbhóir na gcomharthaí sócmhainn-tagartha agus do pháirtithe leasmhara eile

1. Déanfaidh eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha, arna iarraidh sin nó nuair a bheidh admháil á tabhairt acu go bhfuarthas gearán, faisnéis i scríbhinn atá soiléir, cruinn agus cothrom le dáta faoin nós imeachta láimhseála gearán a sholáthar don ghearánach. Áireofar an méid seo a leanas san fhaisnéis a sholáthróidh an t-eisitheoir:

(a) na coinníollacha a bhaineann le hinghlacthacht gearán dá dtagraítear in Airteagal 5(1), pointe (a);

(b) sonraí maidir leis an nós imeachta chun gearán a dhéanamh, lena n-áirítear an cineál faisnéise atá le soláthar ag an ngearánach agus céannacht agus sonraí teagmhála an duine nó na roinne ar a bhfuil an gearán dírithe;

(c) an nós imeachta a leanfar agus gearán á láimhseáil, lena n-áirítear nuair a aithneofar go bhfuarthas an gearán, amlínte táscacha láimhseála agus infhaighteacht údaráis inniúil, ombudsman nó sásraí malartacha um réiteach díospóidí;

(d) faisnéis go ndéantar gearáin a chomhdú agus a láimhseáil saor in aisce leis na heisitheoirí nó, i gcás inarb infheidhme, leis na heintitis tríú páirtí;

(e) lua maidir le hoibleagáid an eisitheora an gearánach a choinneáil ar an eolas faoi láimhseáil bhreise an ghearáin.

2. Foilseoidh eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha tuairisc cothrom le dáta ar an nós imeachta láimhseála gearán agus ar an teimpléad chun gearáin a dhéanamh a leagtar amach san Iarscríbhinn, ar bhealach inrochtana, lena n-áirítear trí bhróisiúir, paimfléid, doiciméid chonarthacha nó trína suíomh gréasáin.

Airteagal 3

Teimpléid agus taifeadadh

Déanfaidh eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha an méid seo a leanas:

(a) teimpléad chun gearáin a dhéanamh mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a fhorbairt agus a chur ar fáil do shealbhóirí comharthaí sócmhainn-tagartha agus do pháirtithe leasmhara eile, lena n-áirítear comhlachais tomhaltóirí a dhéanann ionadaíocht ar shealbhóirí comharthaí sócmhainn-tagartha;

(b) a áirithiú go mbeidh sealbhóirí comharthaí sócmhainn-tagartha agus aon pháirtí leasmhar eile in ann an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) gearáin a chur isteach trí mheán leictreonach nó i bhfoirm páipéir;

(ii) gearáin a dhéanamh saor in aisce;

(c) a admháil go bhfuarthas gearán ina luaitear go soiléir an dáta a fuarthas é agus, i gcás ina gcomhdaítear foirm leictreonach ghearáin, cóip den ghearán sin a sholáthar don ghearánach;

(d) gearáin agus bearta arna ndéanamh mar fhreagairt orthu a thaifeadadh, go hinmheánach, ar bhealach iomchuí, amhail trí chlár leictreonach slán, agus ar feadh tréimhse réasúnach ama agus in aon chás ar feadh tréimhse nach faide ná mar a cheadaítear faoi cheanglais uainiúcháin náisiúnta, i gcás inarb infheidhme;

(e) glacadh le gearán agus é a láimhseáil fiú má dhéanann an gearánach an gearán i bhformáid seachas an teimpléad a leagtar amach san Iarscríbhinn;

(f) fógra príobháideachais a sholáthar don ghearánach a bheidh ag gabháil leis an teimpléad dá bhforáiltear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, i gcomhréir le hAirteagail 13 agus 14 de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]).

Airteagal 4

Teangacha:

Déanfaidh eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha agus, i gcás inarb infheidhme, eintitis tríú páirtí an méid seo a leanas:

(a) an tuairisc ar an nós imeachta láimhseála gearán agus an teimpléad a leagtar amach san Iarscríbhinn a fhoilsiú sna teangacha a úsáideann siad chun a gcuid seirbhísí a mhargú nó sna teangacha a úsáideann siad chun cumarsáid a dhéanamh le sealbhóir na gcomharthaí sócmhainn-tagartha;

(b) a áirithiú go bhfuil gearánaigh in ann gearáin a dhéanamh:

(i) sna teangacha a úsáideann na heisitheoirí agus na heintitis tríú páirtí sin chun a gcuid seirbhísí a mhargú nó sna teangacha a úsáideann siad chun cumarsáid a dhéanamh le sealbhóir na gcomharthaí sócmhainn-tagartha;

(ii) i dteangacha oifigiúla an Bhallstáit baile agus na mBallstát óstach, ar teangacha oifigiúla de chuid an Aontais iad freisin.

Airteagal 5

Nós imeachta chun gearáin a imscrúdú agus toradh na n-imscrúduithe a chur in iúl do ghearánaigh

1. Déanfaidh eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha an méid seo a leanas:

(a) tar éis gearán a fháil, gan moill mhíchuí, measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil an gearán soiléir agus iomlán agus, go háirithe, measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil an fhaisnéis agus an fhianaise ábhartha uile sa ghearán agus an gearánach a chur ar an eolas faoi cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an gearán na coinníollacha inghlacthachta, a bheidh cothrom, réasúnach agus nach gcuirfidh srian míchuí ar chearta daoine nádúrtha nó dlítheanacha gearán a dhéanamh;

(b) i gcás ina gcinnfidh siad go bhfuil gearán doiléir nó neamhiomlán, aon fhaisnéis bhreise nó aon fhianaise bhreise is gá chun an gearán a láimhseáil i gceart a iarraidh go pras ar an ngearánach;

(c) i gcás nach gcomhlíonann gearán na coinníollacha inghlacthachta, míniú soiléir a thabhairt don ghearánach ar na cúiseanna atá leis an ngearán a dhiúltú toisc é a bheith neamh-inghlactha;

(d) féachaint le gach faisnéis agus fianaise ábhartha maidir le gearán a bhailiú agus a imscrúdú;

(e) i gcás nach bhfuil siad inniúil i ndáil leis an ábhar atá sa ghearán, cuirfidh siad an gearánach ar an eolas faoi sin agus tabharfaidh siad sonraí teagmhála an eintitis atá freagrach as an ngearán a láimhseáil, i gcás inarb eol sin;

(f) an gearánach a choinneáil ar an eolas go cuí faoi aon bheart breise a rinneadh chun an gearán a láimhseáil agus freagra a thabhairt ar iarrataí ar fhaisnéis arna ndéanamh ag an ngearánach gan moill mhíchuí.

2. Déanfaidh eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha anailís, ar bhonn leanúnach, ar ghearáin a láimhseálann sonraí chun aon fhadhbanna athfhillteacha nó sistéamacha, agus rioscaí dlíthiúla agus oibríochtúla a d'fhéadfadh a bheith ann, a shainaithint agus chun aghaidh a thabhairt orthu. Go háirithe, déanfaidh eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha an méid seo a leanas:

(a) anailís a dhéanamh ar na cúiseanna atá le gearáin aonair chun na bunchúiseanna is coiteann do chineálacha éagsúla gearán a shainaithint;

(b) breithneoidh siad an bhféadfadh bunchúiseanna den sórt sin difear a dhéanamh freisin do phróisis nó do tháirgí eile, lena n-áirítear iad siúd nach bhfuil gearán díreach déanta ina leith;

([4]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

(c) aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna den sórt sin.

3. Cuirfidh eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha toradh na n-imscrúduithe ar ghearáin a rinneadh in iúl do na gearánaigh:

(a) i dteanga shimplí atá éasca le tuiscint do ghearánaigh;

(b) trí fhreagra a thabhairt gan moill mhíchuí agus in aon chás laistigh de na teorainneacha ama a shocraítear ar an leibhéal náisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar ghearáin a dhéanann gearánaigh, i gcás inarb infheidhme; agus

(c) trí mhíniú críochnúil ar a seasamh ar an ngearán a chur san áireamh i gcás nach sásaíonn an cinneadh críochnaitheach éileamh an ghearánaigh go hiomlán (nó aon chinneadh críochnaitheach, i gcás ina gceanglaítear sin leis an dlí náisiúnta), agus trí rogha an ghearánaigh an gearán a choinneáil ar bun a leagan amach, lena n-áirítear infhaighteacht ombudsman, sásraí um réiteach malartach díospóidí, agus údaráis inniúla náisiúnta.

Chun críocha phointe (b), i gcás nach féidir freagra a thabhairt laistigh de na teorainneacha ama a bhfuiltear ag súil leo, cuirfidh eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha an gearánach ar an eolas faoi chúiseanna na moille agus tabharfaidh siad le fios cathain is dócha a chuirfear a n-imscrúdú i gcrích.

Chun críocha phointe (c), cuirfear cinneadh den sórt sin ar fáil i scríbhinn.

Airteagal 6

Forálacha sonracha maidir le gearáin a láimhseáil a bhaineann le heintitis tríú páirtí

1. I gcás inar dáileadh na comharthaí, go hiomlán nó i bpáirt, trí eintitis tríú páirtí, áiritheoidh eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha an méid seo a leanas:

(a) go dtugann na heintitis tríú páirtí fógra dóibh go tráthúil faoi aon ghearáin a fhaightear maidir le comharthaí den sórt sin a dháileadh agus go n-aistríonn siad iad chuig an eisitheoir comharthaí sócmhainn-tagartha a dhéanfaidh measúnú ar ghearáin den sórt sin;

(b) go dtugann siad fógra do na heintitis tríú páirtí a dháileann comharthaí den sórt sin go tráthúil faoi aon ghearáin a fhaigheann an t-eisitheoir comharthaí sócmhainn-tagartha maidir le dáileadh na gcomharthaí sin.

2. Déanfaidh na heintitis tríú páirtí an méid seo a leanas:

(a) tabharfaidh siad cead do ghearánaigh an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) gearáin a chur isteach trí mheán leictreonach nó i bhfoirm páipéir;

(ii) gearáin a dhéanamh saor in aisce;

(b) a admháil go bhfuarthas gearán maidir le dáileadh comharthaí den sórt sin ina luaitear go soiléir an dáta a fuarthas é agus, i gcás ina gcomhdaítear foirm leictreonach ghearáin, cóip den ghearán a chur ar fáil don ghearánach;

(c) sonraí teagmhála eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha a sholáthar don ghearánach, chun go mbeidh an rogha ag an ngearánach gearáin a dhéanamh go díreach le heisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha;

(d) an teimpléad céanna atá ag an eisitheoir comharthaí sócmhainn-tagartha chun gearáin a dhéanamh a fhorbairt agus a chur ar fáil do shealbhóirí comharthaí sócmhainn-tagartha, ag baint úsáid as an teimpléad a leagtar amach san Iarscríbhinn;

(e) taifead a dhéanamh go hinmheánach, ar bhealach iomchuí trí chlár leictreonach slán, ar na gearáin go léir a fhaightear agus ar aon bheart a dhéantar mar fhreagairt orthu ar feadh tréimhse réasúnta ama agus in aon chás ar feadh tréimhse nach faide ná mar a cheadaítear faoi na ceanglais uainiúcháin náisiúnta, i gcás inarb infheidhme;

(f) fógra príobháideachais a sholáthar don ghearánach a bheidh ag gabháil leis an teimpléad dá bhforáiltear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, i gcomhréir le hAirteagail 13 agus 14 de Rialachán (AE) 2016/679.

Airteagal 7

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Teimpléad a chuirfidh eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha agus, i gcás inarb infheidhme eintitis tríú páirtí, ar fáil do shealbhóirí comharthaí sócmhainn-tagartha chun gearáin a dhéanamh

GEARÁN A DHÉANAMH

1.a. **Faisnéis faoin ngearán**

SLOINNE/AINM AN EINTITIS DHLÍTHEANAIGH	CÉADAINM	CLÁRÚ UIMHIR	AITHEANTÓIR EINTITIS DHLÍTHEANAIGH (MÁ TÁ SÉ AR FÁIL)	TAGAIRT AN CHUSTAIMÉARA (MÁ TÁ SÍ AR FÁIL)

SEOLADH: SRÁID, UIMHIR, URLÁR (I gcás eintiteas dlítheanach, seoladh na hoifige cláraithe)	POSTCHÓD	CATHAIR	TÍR

UIMHIR THEILEAFÓIN		SEOLADH RÍOMHPHOIST	

1.b. **Sonraí teagmhála (murab ionann iad agus 1.a)**

SLOINNE/AINM AN EINTITIS DHLÍTHEANAIGH	CÉADAINM

SEOLADH: SRÁID, UIMHIR, URLÁR (I gcás eintiteas dlítheanach, seoladh na hoifige cláraithe)	POSTCHÓD	CATHAIR	TÍR

UIMHIR THEILEAFÓIN		SEOLADH RÍOMHPHOIST	

2.a. **Faisnéis faoin ionadaí dlíthiúil (más infheidhme) (cumhacht aturnae nó doiciméad oifigiúil eile mar chruthúnas ar cheapachán an ionadaí)**

SLOINNE/AINM AN EINTITIS DHLÍTHEANAIGH	CÉADAINM	UIMHIR CHLÁRÚCHÁIN	AITHEANTÓIR EINTITIS DHLÍTHEANAIGH (MÁ TÁ SÉ AR FÁIL)

SEOLADH: SRÁID, UIMHIR, URLÁR (I gcás eintiteas dlítheanach, seoladh na hoifige cláraithe)	POSTCHÓD	CATHAIR	TÍR

UIMHIR THEILEAFÓIN		SEOLADH RÍOMHPHOIST	

2.b. **Sonraí teagmhála (murab ionann iad agus 2.a)**

SLOINNE/AINM AN EINTITIS DHLÍTHEANAIGH	CÉADAINM

SEOLADH: SRÁID, UIMHIR, URLÁR (I gcás eintiteas dlítheanach, seoladh na hoifige cláraithe)	POSTCHÓD	CATHAIR	TÍR

UIMHIR THEILEAFÓIN		SEOLADH RÍOMHPHOIST	

3. **Faisnéis faoin ngearán**

3.a. **Tagairt iomlán don eisiúint, don tairiscint nó don iarraidh go ligfí isteach comharthaí sócmhainn-tagartha chun a dtrádála nó don chomhaontú lena mbaineann an gearán (i.e. ainm eisitheoirí na gcomharthaí sócmhainn-tagartha, uimhir thagartha na gComharthaí Sócmhainn-Tagartha, nó tagairtí eile do na hidirbhearta ábhartha...)**

3.b. **Tuairisc ar ábhar an ghearáin**

Cuir doiciméadacht ar fáil a thacaíonn leis na fíorais a luaitear.

3.c. **Dáta(í) na bhfíoras as ar tháinig an gearán**

3.d. **Tuairisc ar dhamáiste, ar chaillteanas nó ar dhíobháil a tharla (i gcás inarb ábhartha)**

3.e. **Barúlacha eile nó faisnéis ábhartha eile (i gcás inarb ábhartha)**

In (áit), an (dáta)

Síniú:

GEARÁNACH/IONADAÍ DLÍTHIÚIL

Doiciméadacht arna soláthar (cuir tic sa bhosca iomchuí):

Cumhacht aturnae nó doiciméad iomchuí eile	
Cóip de dhoiciméid chonarthacha na n-infheistíochtaí lena mbaineann an gearán	
Doiciméid eile a thacaíonn leis an ngearán:	